

# A Stone's Throw

Arna scríobh ag Maire Campbell

---



## **Liosta Aisteoirí**

**Jack Óg**

**Jack**

**Daideo**

**Daid**

**Mam**

**JC (an tOibrí Óige)**

**triúr cairde nó ceathrar**

**Círíbeoirí/Baill de Club na nÓg/Cairde/Damhsóirí/Póilíní/ Gardaí  
Príosúin**

Tá líon na n-aisteoirí solúbtha (idir 5 agus 25)

Rinne 18 mball an léiriúchán bunaidh a thaibhiú agus d'éirigh go han-mhaith leis an líon sin.

Bíonn an fhoireann ag síorathrú go nglacann ról charachtair éagsúla e.g. Bhí Jack Óg ina chíríbeoir agus ina bhall den Chlub Óige chomh maith.

Fanann an fhoireann ar an stáitse an t-am ar fad. Nuair nach bhfuil baint acu le radharc, fanann siad i staidiúir reoite láidir neodrach.

## **Nótaí Stiúrthóra**

I ngné an damhsa ní gá go mbeidh an fhoireann 'go maith' ag damhsa. Is iad gluaiseachtaí uainithe a chuireann radhairc agus mothúcháin i láthair go hamharclannach don lucht féachana.

Níl de phrapaí ann ach scaif le Daideo a chur in iúl. Úsáidtear mím mar shampla, agus cloch á caitheamh. Is féidir mallghluaiseacht a úsáid chomh maith ar mhaithe le héifeacht mhór.

Tá fuaimrian agus maisíochtaí fuaime molta ann ach, is féidir an dráma a thaibhiú go rathúil chomh maith gan na gnéithe seo.

**Fad Reatha – 25-30 bomaite**

## **Radharc 1 Seicheamh Tosaigh**

*Seasann an fhoireann i líne, ar chúl, agus staidiúirí láidre ionsaitheacha á nglacadh acu.*

*Reoigh.*

*Suíonn Jack Óg sa lár ag súgradh lena otharcharr bréige.*

**Jack Óg:** Nee naw, nee naw, nee naw.

## **Castar Ceol - "I Predict a Riot" le Kaiser Chiefs**

*Bogann an fhoireann faoi mhallghluaiseacht, Ag tógáil Jack Óg san aer agus iad ag teacht chun tosaigh. De réir mar a thosaíonn an cúlfa téann siad i mbun círéibe i bhfíor-am, ansin céimníonn siar ar chúl.*

*Reoigh.*

*Filleann Jack Óg ar lár an stáitse le hotharcharr bréige.*

*Céimniú Amach*

## **Radharc 2 Jack Óg agus Daideo**

**Daideo:** Píceabú! Maith go leor, Jack, tá do chuid tae chóir a bheith réidh.

**Jack:** Sin mise, Jack. Bhí mé i mo chónaí le mo Dhaideo cuid mhaith den am, ach mo Mham, ní raibh sí riamh ann, i gcónaí sa phub, bhí fuath agam uirthi. Bhí m'athair sa chlincear, i bpríosún.

Ba é mo Dhaideo mo laoch, ba é.

## **Radharc 3 Fásann Jack suas, agus a Dhaideo lách ag amharc ina dhiaidh**

### **Castar ceol- "The Reason" le Hoobastank**

*Tosaíonn an ghluaiseacht de réir an amhráin seo le Daideo sa toir go spráúil ar Jack Óg. (Caitheann Daideo scaif lena charachtar a chur in iúl).*

*Téann Daideo ar a cheithre boinn agus léimeann Jack Óg ar a dhroim. Titeann siad beirt ar an urlár agus déanann gáire.*

*Múineann Daideo roinnt gluaiseachtaí dornálaíochta dó.*

*Luíonn Jack Óg síos agus cuireann a Dhaideo blaincéad ar a bharr, ansin bogann sé leis an doras a dhruidim. Luíonn Jack síos in aice le Jack Óg agus sleamhnaíonn sé an blaincéad anuas air féin. Ansin slootar Jack Óg siar isteach san fhoireann.*

*Buaileann Daideo ar dhoras an tseomra leapa, Jack ina dhéagóir anois. Téann Daideo a speáráil/ a dhornáil le Jack.*

*Múineann Daideo tiomáint dó.*

*Tá scairt ghutháin fheargach ag Jack lena Mham.*

*Tugann Daideo sólás dó.*

*Céimníonn an ceol amach*

### **Radharc 4 Cóisir**

**Castar ceol- “Silence” le Delerium FT. Sarah McLachlan (Athmheascadh Tiesto)**

**Cara 1:** Jack is cosúil go bhfuil cóisir á reáchtáil ag mo dhuine, ar mhaith leat dul ann?

**Cara 2:** Seo bí linn. Beidh an-chraic ann!

**Jack:** Maith go leor, seo linn!

*Tagann an fhoireann chun tosaigh faoi mar a bheadh siad ag damhsa ag dioscó. Athraítear an ceol go....*

**Castar ceol- “Tik Tok” le Kesha**

**Foireann:** Sea! (srl)

*Seicheamh damhsa - Téann an fhoireann i mbun damhsa, anois is arís seasann duine chun tosaigh le ‘gluaiseacht damhsa’ a dhéanamh.*

*Tagann cairde Jack isteach. Céimnítear an ceol amach.*

**Cara 1:** Chuala mé go bhfuil craic éigin ar siúl thuas sa tsráid.

**Cara 2:** Sea círéibeacha agus araile. Seo linn.

**Jack:** ‘Magadh atá tú! Dúirt mé le Daideo nach dtarraingeofainn trioblóid orm féin. Níl mé ag iarraidh a bheith ag dul don stuif sin.

**Cairde:** A, beir greim ort féin, tá muidne ag dul cibé ar bith. Leibide! Goitse Jack!

**Ardaítear ceol ansin Céimnítear Amach é**

*Fágtar Jack ar an stáitse, déanann sé a mhachnamh agus géilleann.*

*Tagann an fhoireann le chéile i suíomhanna réamhchíríbe.*

*Scarann an fhoireann ina dhá grúpa agus tugann aghaidh ar a chéile. Tá an-teannas ann.*

**Jack:** Cén fáth nach rachainn?

*Ritheann Jack leis*

*Músclaíonn an fhoireann agus téann i mbun cীরíbe*

**Cীরíbeoir:** Ar aghaidh leat, déan rud éigin!!

**Radharc 5- Radharc Cীরíbe**

**Castar Ceol - "I Predict a Riot" le Kaiser Chiefs**

*Téann an dá ghrúpa i mbun cীরíbe.*

*Íslítear an ceol. Reonn an Fhoireann.*

*Tagann Jack tríd an lár agus tagann chun tosaigh ar an ardán*

**Jack:** 'B'in mar a bhí an saol agam, níor chuir sé isteach ná amach orm, bhí fuath againn ar an taobh eile agus bhí fuath acu orainn!

*Ardaítear an ceol. Leantar den cীরíib.*

*Téann an ceol i léig. Reonn an fhoireann.*

*Tagann Daideo isteach (Tá sé i gcloigeann Jack)*

**Daideo:** Ná déan dearmad ar an rud a dúirt mé, fág an trodaíocht don chró dornálaíochta.

**Jack:** Sea sea.

**Daideo:** Ná lig síos mé mar a rinne do dhaid.

**Jack:** Bhí mo dhaid ina bhómán.

*Tagann Daid agus Mam Jack isteach*

**Daid:** *(Le Jack)* Níl ionat ach scaiste, 'dom canna eile.

**Mam:** Dúirt mé leat gan a bheith ag ól sa teach.

**Daid:** Éist do bhéal a bhean.

*Téann Mam agus Daid ag argóint lena chéile. Tagann Jack Óg isteach sa Lár eatarthu agus Jack ina dhiaidh.*

**Jack:** Hé, éirígí as!

Bhí níos mó ná an t-ólachán i gceist; bhí mo dhaid ag dul do na drugaí chomh maith... nó gur tháinig na péas.

*Tagann na péas agus tógann siad an daid ar shiúl, leanann an chíríib ar aghaidh.*

*Tá argóint ag Jack agus Mam ar an ghuthán lena chéile.*

**Jack:** 'Mham, tá airgead de dhíth orm don turas seo; Níl mé ag iarraidh ceist a chur ar Dhaideo arís.

**Mam:** Ach nach sin a bhfuil de mhaith ann.

**Jack:** 'Mham, 'mham? An bhfuil a dhath ann don tae? Tá ocras orm.

**Mam:** Déan féin é. Éist, tá mise gnóthach, tá mise ar shiúl.

**Jack:** 'Mham! 'Mham!

*Fanann an fhoireann sa reo círéibe. Mar shiombail den trioblóid ina chroí agus ina cheann....agus ar na sráideanna.*

*Réabann triúr cairde chun tosaigh agus tagann ionsar Jack.*

**Cara 1:** Haigh Jack, cad é atá cearr?

**Cara 2:** Tá a fhios againn cad é atá cearr.

**Cara 3:** Do mham arís, an ea?

**Jack:** Is cuma sa tsioc léi.

**Cara 3:** Goitse, cibé. Rachaidh muid i mbun círéibe leis an chuid eile.

**Cara 2:** Aidhe. Goitse

**Jack:** Ní rachaidh, dúirt mé leis nach ndéanfainn é.

*Téann na cairde ag argóint le Jack, bhí siad fada géar leis ag iarraidh tabhairt air dul agus a bheith leo agus sa deireadh géilleann Jack agus téann leis an drong.*

*Ardaítear an ceol (“I predict a riot”) agus téann an fhoireann i mbun círéibe arís.*

*Tógann Jack cloch, cluineann a Dhaideo ina chloigeann.*

**Daideo:** Ná déan é.

*Síneann a Dhaideo lámh amach go mbeireann ar sciathán Jack.*

**Daideo:** Ná déan é Jack. Ná déan...

*Maisíocht fuaime íseal dróin.*

*Scaoileann Jack greim a Dhaideo agus caitheann an chloch go mbuaileann duine de na círéibeoirí. Téann an fhoireann i mbun círéibe arís*

### **Radharc 6 Téann na círéibeoirí i gcomhar le chéile agus iompaíonn in éadan an otharchairr**

*Meashtar fuaimeanna otharcharranna agus innill dóiteáin leis an cheol.*

*Tugann an fhoireann a n-aghaidh chun tosaigh anois i gcomhar in éadan ‘namhaid’ difriúil.*

**Círéibeoir 1:** Bhí fuath againn orthu siúd!

**Círéibeoir 2:** Ba mhó an fuath a bhí againne oraibhse!

**Círéibeoir 3:** Ach tá rud amháin a raibh níos mó fuatha againn air ná ar a chéile...

**Círíbeoir 4:** Na Péas!

**Círíbeoir 5:** Innill dóiteáin!

**Jack:** Ar chúis éigin, níl a fhios agam cad chuige...

**Círíbeoir 6:** ... Otharcharranna!

*Tosaíonn an fhoireann ag scairteadh agus ag béicíl agus ag caitheamh cloch srl.*

*Céimnítear an ceol amach faoi thorann ard otharchairr. Mallghluaiseacht agus cloch á cur i lámh Jack ag cailín. Déanann Jack machnamh, ansin caitheann an chloch. Téann fuaim an otharchairr i léig agus tosaíonn an fhoireann ag liúireach.*

*Téann fuaim an bhonnáin i léig go n-iompaíonn ina fuaim de ghuthán ag bípeáil i dtion gafa.*

### **Radharc 7 Daideo ar an Urlár**

*Imíonn an fhoireann as amharc de réir a chéile go nochtar Daideo ina luí ar an talamh, guthán ina lámh. Iompaíonn an ton gafa ina mhonaton 'bainte den chrúca'.*

*Ritheann Jack chuig a Dhaideo.*

**Jack:** 'Dhaideo! 'Dhaideo!

*Tost.*

**1ú Duine:** Daideo Jack a bhí ag fanacht ar an otharcharr.

**2ú Duine:** Ach theip air fáil a fhad leis.

**Jack:** Mar... Stop mise an t-otharcharr.

### **Radharc 8 Gluaiseacht Mhothúchánach agus Daideo ag fáil Bháis**

**Castar ceol- "The Reason" le Hoobastank**

*Damhsa a Chéimniú isteach*



*Dreas gluaiseachta atmaisféarach agus mothúchánach. Spreagtar an fhoireann le córagrafaíocht dá gcuid féin a dhéanamh.*

*(Nótaí – sa léiriúchán bhunaidh - tógtar Jack chun tosaigh de ghreim a sciathán agus a sciatháin chun tosaigh aige. Tá an fhoireann ina bpéirí, iad scaipthe ar fud an ardáin. Titeann siad go talamh. Tugann siad barróg dá chéile agus scaoileann saor. Is é an smaoineamh atá taobh thiar de ná gur cailteanas, grá, greim a choinneáil, fearg agus aiféala atá i gceist. Críochnaíonn an radharc leis an fhoireann ina seasamh os comhair Dhaideo agus de réir mar a théann siad síos ar a nglúine, feiceann Jack é ach ní thig leis briseadh tríd.)*

### **Radharc 9 Gabhtar Jack**

*Máirseálann beirt Phóilíní agus fuaim dróin íseal le cloisteáil.*

**Na Péas:** Jack Campbell, tá muid do do ghabháil ar amhras faoi dhúnorgain...do dhaideo féin.

*Téann an DRÓN i léig.*

**1ú Duine:** Tugadh Jack chuig ionad d'ógchiontóirí, go ceann dhá bhliain.

**Jack:** Bhí níos mó tuillte agam!

### **Radharc 10 Ionad d'Ógchiontóirí**

*Máirseálann an fhoireann agus déanann siad dhá líne, rud a léiríonn dolúbthacht an phríosúin. Tugann na hoifigigh Jack isteach agus cuirtear sa líne é.*

### **Radharc 11 Scaoiltear Saor Jack**

**Jack:** Nuair a scaoileadh saor mé ní riabh aon áit agam le dul. Ní raibh mo Mham do m'iarraidh, mar sin dar liom go mbainfinn triail as mo Dhaid.

### **Radharc 12 Tugann Jack cuairt ar a Dhaid sa Phríosún**

*Cuireann beirt gharda príosúin dhá chathaoir ar an ardán.*

**Jack:** Haigh 'Dhaid

**Daid:** Heileo a mhic.

**Jack:** Aon scéal faoi cá huair a bheidh tú ag fáil amach?

**Daid:** Tamall fada go fóill. Éist, an bhfuil aon - tá a fhios agat - agat?

**Jack:** Aon cad é?

**Daid:** Airgead.

**Jack:** Sin an t-aon fháth a raibh tú do m'iarraidh?

**Daid:** Mar a dúirt mé níl ionat ach scaiste.

*Éiríonn Daid ina sheasamh agus siúlann ar shiúl. Claonann garda príosúin an chathaoir agus titeann Jack di. Tá fearg ar Jack.*

### **Radharc 13 Tá Fearg ar Jack**

**Castar ceol: "Standing In The Way of Control" le Gossip**

*Seicheamh Trodaíochta – Téann Jack ag troid cuid mhór ag úsáid teicnící comhraic stáitse.*

**Jack:** Bhí fearg orm! Ní thiocfadh liom í a chur díom.

*Tagann an fhoireann chun tosaigh go mbrúnn Jack síos agus á smachtú.*

**Jack:** Bhí mé ó smacht, amhail is go raibh mé ar foluain.

*Ardaíonn an fhoireann Jack thar a gcloigeann, ansin caitheann amach é.*

**Jack:** Ní raibh aon ábhar dóchais ann.

*Filleann an fhoireann a lámha ar a chéile.*

*Tagann JC chun tosaigh.*

**Jack:** Éist, más trodaíocht atá ar d'intinn, tá mise réidh leat.

**JC:** Tar liomsa.

**Jack:** Ní rachaidh ná é.

**JC:** Goitse.

*Osclaíonn JC an doras...*

### **Radharc 14 An Club Óige**

*Athraíonn an radharc go club óige; tá an-chraic go deo ann, achan duine ag baint sult as, ag imirt cluichí.*

### **Castar ceol: “One Life” le James Morrison (mar cheol cúlra don chomhrá)**

**JC:** 'Lúsaí seo Jack.

**JC:** Seo Léon.

*Ag cur gach duine in aithne.*

*Tá gach duine ag imirt cluichí agus cairdiúil. Glacann Jack céim chun tosaigh agus labhraíonn sé leis an lucht féachana. Íslítear an ceol.*

**Jack:** Sin JC mór. Bhí sé mar cheannaire óige againn. Bhí sé seal istigh agus seal amuigh as príosún, agus mar sin, bhí a fhios aige an dóigh le plé le daoine óga cosúil liomsa. Chuir an lá sin cor i mo shaol. Fuair mé an deis dul ar na turais seo leis, fuair deis dul chuig ceolchoirm, bhí sé ar dóigh ar fad!

*Scarann an fhoireann amach chuig spásanna indibhidiúla ar fud an stáitse. Staidiúirí neodracha.*

**Jack:** Chaill mé amach ar thuras go Meiriceá mar gheall ar mo thaifead coiriúil, ach d'éirigh liom a bheith i m'oirbí deonach thuas anseo. Is eiseamláir anois mé do dhaoine óga eile. Tá an saol go maith... ach, ní bhfaighidh mé mo Dhaideo ar ais choíche, agus sin rud a gcaithfidh mé a bheith beo leis....

Ach deirim an méid seo libh ... Tá mé faoi choinne é a dhéanamh bródúil asam.

### **Ardaítear ceol (“One Life”)**

*Íslítear na soilse ar thús ré gheal do Jack agus é anois lán dóchais.*

## **An Chríoch**